EAGRÁN 7 MEÁN FÓMHAIR 2007

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Fáilte go dtí Eagrán 7 de Nuachtlitir Chill Chomáin. Agus é ag fógairt trí bliana ó shin go raibh tús curtha le staidéar teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (nach bhfuil foilsithe fós) thug an tAire Éamon Ó Cúiv breithiúnas ar staid na Gaeltachta. ''Má leanann an feo seo níl ann ach ceist ama go dtiocfadh deireadh leis an nGaeltacht mar a tuigeadh í ar bhonn stairiúil'', a dúirt sé, ag tagairt don lagú leanúnach atá ag teacht ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. De réir an staidéir, d'fhéadfadh an Ghaeilge a bheith marbh mar theanga pobail agus teaghlaigh roimh an bhliain 2027. Ní féidir neamhaird a dhéanamh ar an bhfianaise agus tá todchaí na Gaeilge ag brath ar thoil an phobail agus ar thoil pholaitiúil má tá sí le teacht slán.

Foilseachán ildaite, dhá-theangach atá dírithe ar thurasóirí a mhealladh chuig an paróiste agus a chuireann eolas ar fáil ar sheirbhísí agus imeachtaí atá i *'Treorleabhair Chill Chomáin - A Guide to Cill Chomáin'*. (féach leath. 4)

Welcome to the seventh edition of Nuachtlitir Chill Chomáin, the parish newsletter. Three years ago as Minister Éamon Ó Cúiv launched the beginning of a linguistic study on the use of the Irish language in the Gaeltacht (yet to be published) he gave a judgement on the status of Irish-speaking areas. "If the current rate of decline continues it is only a matter of time before the Gaeltacht, as perceived historically, would come to an end", he stated, referring to the ongoing decline of the use of Irish in the Gaeltacht. According to the study, Irish as a community and household language, may die by 2027. This evidence cannot be ignored and the future of the Irish language depends on community and political will if it is to survive into the future.

The recently published bi-lingual guide 'Treorleabhair Chill Chomáin - A Guide to Cill Chomáin' aims to entice tourists to the parish and provides information on what services and activities are available (see page 4)

*** Nuachtlitir Áitiúil * A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
Cúrsaí Teanga / Language Matters	3
Turasóireacht / Tourism	4
Siúlóidí / Walks	5
Comharthaíocht / Signage	6
Scéalta Eile / Other News	7 – 8

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Uinsíonn Mac Graith
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin
	Micheál de Búrca
	Caitlín Uí Sheighin
	Micheál Ó Murchú
	Séamus Ó Murchú

GUTH AN PHOBAIL – HAVE YOUR SAY

Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next edition.

Déan teangmháil le:-

Treasa Ní Ghearraigh,
Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil,
Ceathrú Thaidhg,
Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo

Guthán: 097 88082

Riomhphoist: dunchaochain1@eircom.net

IONAD EOLAIS / INFORMATION OFFICE

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg, áit a bhfuil eolas agus foirmeacha iarratais ar fáil faoi scéimeanna éagsúla mar shampla feabhsú tithíochta, bóithre portaigh, scéim feabhsúcháin áitiúil an Chomhairle Chondae, deiseanna traenála &rl. Tá seirbhísí cóipéala, laminating agus facs le fáil ann chomh maith.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg, where information and application forms are available on various schemes including home improvement grants, repair of bog roads, training opportunities etc. Photocopying, laminating and fax services are also available here.

BAILL NUA / NEW MEMBERS

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teangmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information.

CÚRSAÍ TEANGA / LANGUAGE MATTERS

Gearrchúrsa aistriúcháin Ó Bhéarla go Gaeilge / Irish Translation Course

De bharr Acht na dTeangacha Oifigiúla agus stadas na Gaeilge mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach, tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar aistritheoirí Gaeilge. Ag tógáil san áireamh na féidearthachtaí atá ann, d'eagraigh an coiste gearrchúrsa san aistriúchán 'Ó Bhéarla go Gaeilge' sa Seanscoil idir an 30ú Iúil agus an 2ú Lúnasa seo caite. Ba iad aidhmeanna an chúrsa ná (i) léargas a thabhairt ar fhadhbanna coitianta san aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge agus ar straitéisí chun dul i ngleic leo (ii) léargas a thabhairt ar theicnicí eagarthóireachta agus (iii) léargas a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le húsáid na nuatheármaíochta i nGaeilge. An Dr Antain Mac Lochlainn, ball gairmiúil de Chumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann agus údar an lámhleabhair aistriúcháin Cuir Gaeilge Air, a bhí mar theagascóir. Cheadaigh rannóg oiliúna agus eolais Údarás na Gaeltachta €1000 chun cuid de chostaisí an chúrsa a chlúdú.

The introduction of the Official Languages Act and the status of Irish as an official language in the European Union has lead to an increase in demand for Irish language translators. Taking account of the opportunities this presents, the committee organised an Irish translation course entitled 'Ó Bhéarla go Gaeilge' in the Seanscoil between 30th July and 2nd August last. Its aims were (i) to give an insight into the common problems which arise when translating from English to Irish and discuss strategies to overcome them (ii) to give an overview of editing techniques and (iii) to provide an insight into the problems associated with the use of modern terminology in Irish. Dr Antain Mac Lochlainn, an academic member of the Association of Translators and Linguists of Ireland and author of the translation handbook Cuir Gaeilge Air, provided tuition. €1000 was granted by Údarás na Gaeltachta towards the cost of the course.

Ionad Seirbhísí Teanga / Irish Language Centre

Le fada an lá tá buanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail ar cheann de na príomhspriocanna atá ag Comhar Dún Chaocháin Teo agus fo-choiste Ghlór na nGael. Chuige sin cuireadh Ionad Seirbhísí Teanga ar bun sa Seanscoil ina mbeidh seirbhísí teanga ar fáil de réir éilimh. San ionad tá seomra oiliúna agus leabharlann le haghaidh ranganna Gaeilge, seisiúin chomhrá, cúrsaí aistriúcháin &rl. chomh maith le hacmhainní tacaíochta foghlama ar nós leabhair, téipeanna, fiseáin agus bogábhar ríomhaireachta, a ceannaíodh le cuidiú airgeadú €3500 ó Rannóg Cultúir agus Teanga Údarás na Gaeltachta. Beidh an t-ionad mar áis do scolairí, grúpaí áitiúla foghlama agus grúpaí a thugann cuairt ar an gceantar le Gaeilge a fhoghlaim nó le taighde a dhéanamh &rl.

Since it was set up the preservation and promotion of Irish as a community language has been one of the main objectives of Comhar Dún Chaocháin Teo and its sub-committee Glór na nGael. Working towards this objective an Irish Language Centre has been developed in the Seanscoil which will provide language services to meet demand. The centre houses a training room and library to facilitate Irish classes, conversation sessions, translation courses etc. and contains learning resources such as books, tapes, videos and computer software, purchased with the assistance of funding of €3500 received from Údarás na Gaeltachta. The centre will be a valuable resource for students, local learning groups and those visiting the area to learn Irish or carry out research etc.

An Cairt Cearta Teanga / Language Rights Charter

Tá na deich mbuncheart teanga atá ar fáil de réir dlí do phobal na Gaeilge agus iad ag plé le heagraíochtaí stáit leagtha amach sa Chairt Cearta Teanga atá foilsithe ag Oifig an Choimisinéara Teanga. Tá cosaint ar chearta teanga an phobail i mBunreacht na hÉireann agus in achtacháin éagsúla de chuid an Oireachtais, go háirithe in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá sé mar aidhm ag an Acht sin líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann eagraíochtaí stáit ar fáil don phobal a mhéadú, ar bhealadh eagraithe, thar thréimhse ama. Tá cóipeanna den cháirt cearta teanga le fáil ó oifig Chomhar Dún Chaocháin Teo sa Seanscoil nó déan teagmháil le

hoifig an Choimisinéara Teanga ag 091 504006 (eolas@coimisineir.ie)

The ten language rights which are legally available to the Irish community in its dealings with state agencies are outlined in the Language Rights Charter which is published by the office of An Coimisinéir Teanga. Language rights are safeguarded by the Constitution of Ireland and by various enactments of the Oireachtas, in particular the Official Languages Act 2003. The objective of the Act is to increase the quantity and quality of services provided through Irish by state organizations to members of the public, in an organized manner over a period of time. Copies of the Language Rights Charter are available from the office of Comhar Dún Chaocháin Teo in the Seanscoil or contact the office of An Coimisinéir Teanga at 091 504006 (eolas@coimisineir.ie)

An Ghaeilge sa Luathoideachas / Irish in Early Learning

Rinne Bríd Uí Lionaird, comhairleoir áitiúil le Forbairt Naíonraí Teo, cur i láthair i Naíonra Ghleann na Muaidhe agus i Naíonra Dhún Chaocháin sa Seanscoil ar an nGaeilge sa Luathoideachas (sealbhú agus buanú), buntáistí an dátheangachas don pháiste óg agus ról an naíonra sa bpróiseas seo. Bhí an ócáid dírithe ar thuismitheoirí áitiúla a bhfuil páistí óga acu.

Bríd Uí Lionaird, area advisor with Forbairt Naíonraí Teo, gave a presentation in Naíonra Ghleann na Muaidhe and in Naíonra Dhún Chaocháin in the Seanscoil on Irish in Early Learning (acquisition and reinforcement), the advantages of bi-lingualism for the young child and the role of the naíonra in this process. The talk was aimed at local parents of young children.

TURASÓIREACHT & FÉILTÍ / TOURISM & FESTIVALS

Turasóireacht Inbhuaine Éireann / Sustainable Tourism Ireland

Rinne ionadaithe ón eagraíocht 'Turasóireacht Inbhuaine Éireann' cur i láthair sa Seanscoil i mí Bealtaine ar na féidearthachtaí atá sa thurasóireacht inbhuaine do cheantracha tuaithe mar pharóiste Chill Chomain. Tá tuilleadh eolais le fáil ar an suíomh idirlíne www.sustourism.ie

Representatives of the organization Sustainable Tourism Ireland gave a presentation in the Seanscoil in May on the potential of sustainable tourism for rural areas such as the parish of Cill Chomáin. Further information is available on the website www.sustourism.ie.

An Togra Dúlra / The Dúlra Project

Tá sé i gceist conair éaneolaíochta a fhorbairt ar fud bharúntacht Iorrais le turasóirí a bhfuil spéis acu san éaneolaíocht a mhealladh, agus áiseanna mar áiteanna páirceála, teileascóip, cláranna eolais &rl. a chur ar fáil ag na suíomhanna áirithe, dá shuíomh i gCill a' Ghallagáin san áireamh. Tá iarratas ar airgeadú faoi bhráid Fáilte Ireland.

It is proposed to develop a birdwatching trail throughout the barony of Erris to attract tourists with an interest in ornithology, and provide facilities such as parking areas, telescopes, information boards etc. at the chosen sites including two sites in Cill a'Ghallagáin. An application for funding has been submitted to Fáilte Ireland.

Treoirleabhar Chill Chomáin / A Guide to Cill Chomáin

Tá 'Treorleabhair Chill Chomáin - A Guide to Cill Chomáin' foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo agus Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg anois. Foilseachán ildaite, dhá-theangach atá ann atá dírithe ar thurasóirí a mhealladh chuig an paróiste agus a chuireann eolas ar fáil do chuairteoirí, nó daoine atá ag bogadh isteach sa cheantar ó áiteanna eile. Déantar cur síos ar na seirbhísí agus imeachtaí atá le fáil sa pharóiste ar nós ionad seirbhísí teanga, lóistín, siúlóidí, saol na mara, slatiascaireacht, tumadóireacht, tránna, éaneolaíocht, seandalaíocht, conair dealbhóireachta, conair oidhreachta Turas na Gaeltachta, seirbhísí réamhscoile, seirbhís Iarscoile, imeachtaí óige, seirbhísí aosach, taisteal, oideachas, oiliúnt, seirbhísí sláinte, ionaid poiblí, séipéil, áiseanna spóirt, siopaí grósaera agus oifigí poist, tithe tabhairne agus seirbhísí athchúrsála. Tá an treoirleabhar foilsithe le cabhair airgeadú ó Údarás na Gaeltachta agus is féidir cóipeanna a fháil ó oifig an chomharchumainn sa Seanscoil (097 88082 nó dunchaochain1@eircom.net).

Compiled by Comhar Dún Chaocháin Teo and Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg, the recently published bi-lingual guide 'Treorleabhair Chill Chomáin - A Guide to Cill Chomáin' aims to entice tourists to the parish and provides information for visitors, or those moving to the area from elsewhere, on what services and activities are available. Included are descriptions of the Irish language information centre, accommodation,

walks, marine life, diving, angling, beaches, birdwatching, archaeology, sculpture trail, Turas na Gaeltachta heritage trail, pre-school services, after-school service, youth activities, services for the elderly, transport, education, training, health services, community centres, churches, sports facilities, grocery shops & post offices, public houses and recycling facilities. The guidebook, which was part-funded by Údarás na Gaeltachta, is available from the office of the comharchumann in the Seanscoil (097 88082 nó dunchaochain1@eircom.net).

Féile Lúnasa

Tionóladh Féile Lúnasa, mórfhéile tuaithe ag comóradh oidhreachta, cultúir agus traidisiúin spóirt Chill Chomáin, in ionaid éagsúla ar fud an pharóiste idir an 3ú agus an 12ú Lúnasa seo caite. I measc na n-imeachtaí a bhí ar an gclár bhí cluichí peile Gaelacha, taispeántas grianghrafadóireachta dar teidil 'Turas Siar ar Bhóithrín na Smaointe', seisiúin cheoil traidisiúnta, céilí le damhsa seite, siúlóid oidhreachta, biongo mór agus lá spóirt ag an Rinn Rua le gníomhaíochtaí le haghaidh chuile aoisghrúpa idir óg agus aosta. Ba iad Comhar Dún Chaocháin Teo, Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg agus Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin eagraithe na féile agus bhí gach brabach ag dul i dtreo Club na mBan agus Club na bhFear Chill Chomain.

Féile Lúnasa, a community festival celebrating the heritage, culture and sporting tradition of Cill Chomáin, was held in various venues throughout the parish between the 3rd and 12th of August last. The packed programme of activity included a football tournament, a photographic exhibition entitled 'Turas Siar ar Bhóithrín na Smaointe – A Trip down Memory Lane', a heritage walk, traditional music sessions, set dancing, bingo mór and a sports day at Rinn Rua with various novelty events to suit all age groups, young and old. The festival was organised by Comhar Dún Chaocháin Teo, Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg and Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin with all proceeds in aid of Club na mBan and Club na bhFear.

Banríon agus Rí na Féile - Caitríona Ní Mhóráin as Gleann na Muaidhe agus Darren Ó Domhnaill as Carn Domhnach

Scríbhneoir Cónaithe Force 12 / Force 12 Writer in Residence

Thug Paddy Bushe, a bhí ceaptha ag Comhairle Chondae Mhaigh Eo mar scríbhneoir cónaithe Force 12 le haghaidh 2007, léacht óna shaothar filíochta sa Seanscoil ar an 7ú Meithimh. Is i mBaile Átha Cliath a rugadh Paddy agus tháinig seacht mbailiúchán dánta i nGaeilge agus i mBéarla óna pheann, Hopkins on Skellig Michael (Deladus 2001), The Nitpicking of Cranes (Deladus 2004), In Ainneoin na gCloch (Coiscéim 2001) agus Gile na Gile (Coiscéim 2005) san áireamh. Ag deireadh an léachta bhronn sé roinnt leabhair sínithe ar Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile.

Mayo County Council's Force 12 Writer in Residence for 2007 the poet Paddy Bushe gave a reading from a selection of his poems in the Seanscoil on 7th June last. Born in Dublin, Paddy is the author of seven collections of poems in Irish and English, most recently Hopkins on Skellig Michael (Deladus 2001), The Nitpicking of Cranes (Deladus 2004), In Ainneoin na gCloch (Coiscéim 2001) and Gile na Gile (Coiscéim 2005). Following the reading he presented the Irish Language Centre in the Seanscoil with signed copies of his work.

FORBAIRT NA SIÚLÓIDE / DEVELOPMENT OF WALKS

Feachtas Siúlóide Mayo in Motion 2007 / Mayo in Motion Walking Initiative 2007

Mar chuid den Fheachtas Siúlóide Mayo in Motion 2007 agus i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo d'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo siúlóid ar bharr Chnoic an Ghairtéil ar an 9ú

Meitheamh. Ba é aidhm an togra ná an tsiúlóid a chur chun cinn mar bhealach taitneamhach i dtreo saol níos sláintiúla agus níos aclaí. Ba chóir do dhaoine fásta iarracht a dhéanamh 30 nóiméad ar a laghad d'aclaíocht aerobach a dhéanamh in aghaidh an lae agus is í an tsiúlóid ceann de na himeachtaí aerobacha is fearr atá ann dar le Charlie Lambert, comhordnóir Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo.

Comhar Dún Chaocháin Teo in association with Mayo Sports Partnership organized a walk on Cnoc a' Ghairtéil on 9th June as part of the Mayo in Motion Walking Initiative. This project aims to promote walking locally as an enjoyable way towards a healthy and active lifestyle. All adults should aim to undertake at least 30 minutes of aerobic activity on a daily basis and walking is one of the best forms of aerobic activity according to Charlie Lambert, Co-ordinator of Mayo Sports Partnership.

Lá Domhanda Chroí / World Heart Day

Titeann Lá Domhanda Chroí ar an Domhnach an 30ú Mean Fómhair i mbliana agus tá sé beartaithe ag an gcoiste siúlóid a eagrú ar Shlí na Sláinte Cheathrú Thaidhg, ag tosnú amach ag an Seanscoil ag 2.00 i.n. Cuirfear soláistí le fáil ina dhiaidh.

World Heart Day falls on Sunday 30th September this year and to mark the occasion the committee is organizing a walk along the Slí na Sláinte Cheathrú Thaidhg route, starting at the Seanscoil at 2.00 p.m. Refreshments will be available afterwards.

Siúlóidí Ceathrú Thaidhg / Ceathrú Thaidhg Loops

Tá trí shiúlóid chiorclach dá fhorbairt i gCeathrú Thaidhg faoi láthair mar atá Siúlóid na Trá, Siúlóid Chlann Lir agus Siúlóid na Claidhe Duibhe. Ag tosnú agus ag críochnú ag an Seanscoil, tugann said léargas ar thírdhreach agus ar radharcanna maorga Dhún Chaocháin. Tá treormharcanna le dathanna difrúla ar gach shiúlóid ag brath ar dhianacht mar seo a leanas – glas (easca), gorm (measartha) agus dearg (dian).

Beidh sonraí na mbealaí leagtha amach ar chlár eolais dá-theangach, a bhéas lonnaithe sa charr-chlós nua in aice na Seanscoile. Tá súil ag an gcoiste go mbeidh na siúlóidí san áireamh i nGreasán Náisiúnta Lúbanna de chuid Fáilte Ireland agus go ndéanfar bolscaireacht orthu ar bhróisiúr agus ar shuíomh idirlíne na heagraíochta sin. Is é Comhar Dún Chaocháin Teo i gcomhar le Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin atá i mbun an togra le cúnamh airgeadú ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo, Fáilte Ireland agus ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Three loop walks are currently being developed in Ceathrú Thaidhg namely Siúlóid na Trá, Siúlóid Chlann Lir and Siúlóid na Claidhe Duibhe. Starting and finishing at the Seanscoil, they offer the walker an opportunity to experience the wonderful landscape and scenery of Dún Chaocháin. Each loop is waymarked and colour-coded according to the level of difficulty as follows green (easy), blue (moderate) and red (hard).

Details of the routes will be outlined on a bi-lingual information board, to be sited in the newly-developed carpark adjacent to the Seanscoil. It is hoped to have the walks included in Fáilte Ireland's National Looped Walks Network and promoted on its brochure and website. This project is undertaken by Comhar Dún Chaochain Teo in conjunction with Cill Chomáin Rural Social Scheme, with the assistance of funding granted by Mayo County Council, Fáilte Ireland and the Department of Community, Rural & Gaeltacht Affairs.

COMHARTHAÍOCHT / SIGNAGE

Comharthaí Cloiche / Stone Signage

Cuireadh suas comharthaí cloiche sna bailte seo a leanas sa pharóiste i mí Lúnasa:- Gort Liatuile, Sraith na Pláighe, Barr Rúscaí, Barr Altaí, Bun, Altaí, Léana Riabhach, Poll Buí, Guala, An Droichead, Béal an Átha Buí, Muing Iongáin, Muing Eiriún, Fálach, Buaile hAnraoi, Baile Úr, Gort Milleadha, Caol Dubh, Gort Milleadha Íochtair, Gort Milleadha Uachtair, Páirc Bhán, Inbhear, Gort Breac, Gort Maor, Greanphoill, An Seanbhaile, Gleann na nGad, Barr na Coilleadh, Cnoc a' Chairn, Cnoc na Lobhar, Poll an tSómais, Baile na hAchadh agus Léana Mór. Ba iad Gairdín Bláthach an Inbhir, Comhar Dún Chaocháin Teo, Coiste Ghlór na nGael agus Comhairle Chondae Mhaigh Eo a chur an togra i gcrích le cúnamh airgeadú ó Chomhar Iorrais Leader II Teo.

Stone signs were erected in the following locations throughout the parish in August:- Gort Liatuile, Sraith na Pláighe, Barr Rúscaí, Barr Altaí, Bun Altaí, Léana Riabhach, Poll Buí, Guala, An Droichead, Béal an Átha Buí, Muing Iongáin, Muing Eiriún, Fálach, Buaile hAnraoi, Baile Úr, Gort Milleadha, Caol Dubh, Gort Milleadha Íochtair, Gort Milleadha Uachtair, Páirc Bhán, Inbhear, Gort Breac, Gort Maor, Greanphoill, An Seanbhaile, Gleann na nGad, Barr na Coilleadh,

Cnoc a' Chairn, Cnoc na Lobhar, Poll an tSómais, Baile na hAchadh agus Léana Mór. This project was undertaken by Gairdín Bláthach an Inbhir, Comhar Dún Chaocháin Teo, Coiste Ghlór na nGael and Mayo County Council with the assistance of funding received from Comhar Iorrais Leader II Teo.

(Griangraf Uinsíonn Mac Graith)

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA / WASTE MANAGEMENT

Seirbhís Bailithe Phlaisteach Feirme / Farm Plastic Collection Service

Is eagras FRS Network a chuireann scéim bailithe phlaisteach feirme ar fáil d'fheirmeoirí, rud a chuirfidh ar chumas na bhfeirmeoirí fáil réidh le pé seanbhratacha sadhlais agus ábhar plaisteach eile atá ar a gcuid feirmeacha. Iarrtar ar fheirmeoirí an t-ábhar plaisteach atá acu a thabhairt chomh fada le hionaid bailithe ag Beannchar agus Béal an Mhuirthead, a bhéas oscailte ar dátaí áirithe, agus tabharfar an t-ábhar chun siúil ansin. Níl aon dabht ach go bhfuil géarghá lena leithéid de sheirbhís sa gceantar. €6 an costas atá ar an mála bailiúcháin i dtosach agus €55 le haghaidh 150 seanbhrat sadhlais. Tá tuilleadh eolais le fáil ach glaoch ar 071 9662781 nó 086 2521699.

FRS Network provides a farm plastic collection service for farmers, which will enable them to dispose of old silage wrapping and other plastic material on their farms. Farmers are asked to bring this material to collection points at Bangor and Belmullet on specific dates where it will then be taken away. There is no doubt that this type of service is badly needed in the area. The collection bag, which can be reused, costs €6 and 150 silage wraps cost €55. Further information is available by contacting 071 9662781 or 086 2521699.

SCÉALTA EILE / OTHER NEWS

Cúrsa Inseirbhíse Réamhscoile / Pre-school Inservice Training

I gcomhar le Forbairt Naíonraí Teo, d'eagraigh an coiste cúrsa inseirbhíse réamhscoile san ionad nua cúraim leanaí i nGleann na Muaidhe i mí Bealtaine. An Rialacháin Um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) Leasaithe 2006, a tháinig i bhfeidhm ar an 3ú Meán Fómhair 2007, an t-ábhar ba mhó a bhí dá phlé. D'freastal ceithre dhuine fhichead ar an gcúrsa ó naíonraí ar fud Chondae Mhaigh Eo. Ba é coiste Naíonra Ghleann na Muaidhe a chuir na soláistí ar fáil.

In association with Forbairt Naíonraí Teo, the committee organized a pre-school inservice training course in the new childcare centre in Gleann na Muaidhe in May. The Childcare (Pre-School Services) Regulations as Amended 2006, which came into effect on 3rd September 2007, was the main topic under discussion. Twenty four participants from naíonraí (Irish pre-school services) throughout County Mayo attended with refreshments provided by the committee of Naíonra Ghleann na Muaidhe.

Campaí Samhraidh Iorrais / Summer Camps

Le cúpla bliain anuas tá coiste Campaí Samhraidh Iorrais ag reáchtáil campaí samhraidh ar fud cheantar Iorrais le cuidiú airgeadú na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. An aidhm atá leis na campaí, atá dírithe ar pháistí san aoisghrúpa ó sé mbliana d'aois go dá bhliain déag d'aois, ná iad a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt agus dul i dtaithí ar í a úsáid lena chéile i dtimpeallacht thaitneamhach. I measc na n-imeachtaí spraoiúil a eagraítear bíonn spórt, ealaíon, ceardaíocht, damhsa traidisiúnta, amhranaíocht, cluichí boird agus biongó. I mbliana eagraíodh campaí ag Barr na Trá, Eachléim agus Gleann an Chaisil.

In recent years the committee of Campaí Samhraidh Iorrais has organised summer camps throughout the Erris area with the assistance of funding received from The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. The aim of the camps, which are targeted at children in the six to twelve year age group, is to encourage them to speak Irish in an

enjoyable environment. Activities include various sports, art, crafts, traditional dancing, singing, board games and bingo. This year camps were held at Barr na Trá, Eachléim and Gleann an Chaisil.

Ag spraoi le parachute (Griangraf Uinsíonn Mac Graith)

An R312

Tá an Grúpa Gníomhaíochta Pobail R312 ag leanacht ar aghaidh leis an bhfeachtas chun an bóthar idir Iorras agus Caisleán a' Bharraigh a fheabhsú. I rith an tSamhridh bhí cruinnithe ag baill an choiste le polaiteoirí éagsúla le cur ina luí orthu go bhfuil géarghá le hoibreacha feabhsúcháin ar an mbóthar seo.

The R312 Community Action Group is continuing with its efforts to have improvements carried out on the R312, the road linking Erris to Castlebar. During the summer committee members met with various political representatives to emphasise the importance of having the necessary works carried out.

Athnuachan Baile / Village Enhancement

Is mór an feabhas atá le feiceáil i mbaile Pholl a' tSómais mar thoradh ar na hoibreacha atá curtha i gcrích faoin Scéime Athnuachana Baile. €90,000 a ceadaíodh faoin scéim chun cosán a leagan síos, sreanganna leictreachais/gutháin a chur faoi thalamh agus soilse sráide a chur suas ó theach thabhairne Mac Ghuidhir chomh fada leis an bhfochla. Tá an coiste áitiúil ag fiosrú faoi thuilleadh airgeadú chun oibreacha breise a chur i gcrích.

The village enhancement works carried out to date in Poll a' tSómais have greatly improved the appearance of the village. Funding of €90,000 has been used to construct a footpath, place overhead electricity and phone cables in underground ducting and erect street lighting between the Valley Inn and the grotto. The local committee is seeking to obtain additional funding to undertake further works.

(Griangraf Uinsíonn Mac Graith)

Clár an Fhómhair / Autumn Schedule

Fógrófar clár imeachtaí an Fhómhair/Gheimhridh go gairid – coinnigh súil amach i Nuachtlitir an Domhnaigh agus sna nuachtáin áitiúla.

The programme of activities for Autumn/Winter will be available shortly – keep an eye out in the Sunday Newsletter and in local newspapers.